**Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16678/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0124 (COD)**

**MI 1041**
**ENT 277**
**ENV 1367**
**CHIMIE 150**
**IND 603**
**CONSOM 297**
**SAN 828**
**CODEC 2095**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN<br>CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh<br>maidir leis an<br>seasamh na Comhairle i ndáil le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 691 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 691 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.12.2025
COM(2025) 691 final

2023/0124 (COD)

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh na Comhairle i ndáil le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004**

GA GA

2023/0124 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh na Comhairle i ndáil le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tarchuireadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2023) 217 – 2023/0124 COD): | An 28 Aibreán 2023 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | An 12 Iúil 2023 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | An 27 Feabhra 2024 |
| An dáta a tarchuireadh an togra leasaithe: | neamhbhainteach |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | An 8 Nollaig 2025 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún na rialacha atá ann cheana maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe a shimpliú agus a nuachóiriú. Is iad na cuspóirí atá aige saorghluaiseacht táirgí den sórt sin laistigh den mhargadh inmheánach a éascú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle a glacadh ar an gcéad léamh, léirítear go hiomlán an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 10 Meitheamh 2025. Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú sin agus leagtar amach thíos na príomhphointí ann.

– Teorainneacha leis an gcion fosfair. Chomhaontaigh na comhreachtóirí gur eilimint riachtanach é fosfar agus nár cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na teorainneacha a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch trí bhíthin gníomh tarmligthe. Laistigh de 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm an rialacháin, meastar go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar a indéanta atá sé an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) na teorainneacha atá ann cheana maidir le glantaigh níocháin tomhaltóra agus glantaigh miasniteoirí uathoibríocha a laghdú agus (ii) teorainneacha nua a thabhairt isteach le haghaidh catagóirí eile táirgí. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún togra reachtach a chur i láthair. Ina theannta sin, leis an

athbhreithniú cuimsitheach ar an rialachán, athbhreithniú atá le déanamh ag an gCoimisiún laistigh de 7 mbliana tar éis an teacht i bhfeidhm, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht deireadh a chur le fosfar de réir a chéile. Tá glacadh ag an gCoimisiún leis an méid sin.

– <u>In-bhithdhíghrádaitheacht comhábhar.</u> Meastar go leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomh tarmligthe lena leasófar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an rialachán, critéir in-bhithdhíghrádaitheachta maidir leis an méid seo a leanas: (i) scannáin a úsáidtear i gcapsúil ghlantaigh agus polaiméirí laistigh de scannáin den sórt sin, laistigh de 3 bliana ó theacht i bhfeidhm an rialacháin, agus (ii) substaintí orgánacha eile a úsáidtear i dtiúchan ard, laistigh de 5 bliana. Ba cheart a cheangal ar an earnáil tionsclaíochta na critéir nua a chomhlíonadh laistigh de 6 bliana tar éis an teacht i bhfeidhm i gcás capsúil ghlantaigh agus 8 mbliana i gcás substaintí orgánacha a úsáidtear i dtiúchan ard. San athbhreithniú ar an rialachán, ba cheart scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé rialacha a thabhairt isteach maidir le hin-bhithdhíghrádaitheacht substaintí orgánacha a úsáidtear i dtiúchaintí níos ísle. Tá glacadh ag an gCoimisiún leis an gcur chuige sin.

– <u>Glantaigh ina bhfuil miocrorgánaigh</u>. Chomhaontaigh na comhreachtóirí critéir ghinearálta sábháilteachta a chur in ionad roinnt de na ceanglais dhochta sa togra ón gCoimisiún. Meastar go bhforbróidh an Coimisiún, i ngníomh tarmligthe lena leasófar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an rialachán, modheolaíocht measúnaithe riosca laistigh de 30 mí ó theacht i bhfeidhm an rialacháin, ar modheolaíocht í lena gcumhdófar na rioscaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann agus lena ndéanfar modhanna tástála ar ainmhithe a eisiamh san am céanna. Tá glacadh ag an gCoimisiún leis an gcur chuige sin toisc go n-áirithítear leis creat dlíthiúil níos solúbtha le haghaidh táirgí nuálacha.

– <u>Tástáil ar ainmhithe.</u> Chomhaontaigh na comhreachtóirí toirmeasc ginearálta a thabhairt isteach ar thástáil ar ainmhithe chun comhlíonadh an rialacháin a chruthú, agus san am céanna thug siad cead don Choimisiún tástáil den sórt sin a údarú trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme, i gcásanna eisceachtúla. Tá glacadh ag an gCoimisiún leis an méid sin.

– <u>Ionadaí údaraithe.</u> Chomhaontaigh na comhreachtóirí rialacha a thabhairt isteach lena gcuirfí síneadh le sainordú ionadaithe údaraithe arna n-ainmniú ag monaróirí neamh-AE chun seiceálacha comhlíontachta áirithe a chumhdach. Tá glacadh ag an gCoimisiún leis an méid sin toisc go gcuireann sé leis an bhfaireachas margaidh.

– <u>Ualach riaracháin.</u> Chomhaontaigh na comhreachtóirí idirdhealú a dhéanamh idir dromchlaghníomhaithe a chuirtear ar fáil do mhonaróirí glantach agus dromchlaghníomhaithe a chuirtear ar fáil go díreach d'úsáideoirí deiridh, agus na rialacha a shimpliú le haghaidh na monaróirí glantach. Ina theannta sin, ba cheart pasanna táirgí digiteacha a chruthú le haghaidh múnlaí táirgí, agus ní le haghaidh gach baisc den mhúnla céanna. Tá glacadh ag an gCoimisiún leis na hathruithe sin toisc go laghdaíonn siad go mór an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha gan cur isteach ar chosaint shláinte an duine ná ar chosaint an chomhshaoil.

– <u>Bileoga sonraí comhábhar le haghaidh glantaigh nach bhfuil contúirteach do shláinte an duine.</u> Chomhaontaigh na comhreachtóirí gur cheart bileoga sonraí den sórt sin a chur in iúl do lárionaid náisiúnta nimhiúcháin sula gcuirfear na táirgí ar an margadh,

agus úsáid á baint as formáid a d'fhorbair an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán. Tugtar de chumhacht don Choimisiún tuilleadh sonraí a leagan amach maidir leis an gcaoi a bhfuil na bileoga sonraí le cur in iúl trí bhíthin gníomh tarmligthe lena leasófar Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an rialachán. Tá glacadh ag an gCoimisiún leis an méid sin toisc go n-áirithítear leis go mbeidh rochtain ag pearsanra leighis ar fhaisnéis faoi ghlantaigh i gcásanna nimhithe.

– Cur i bhfeidhm a chur siar. Chomhaontaigh na comhreachtóirí cur i bhfeidhm an rialacháin nua a chur siar go ceann 42 mhí. Tá glacadh ag an gCoimisiún leis an méid sin.

## 4. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún le toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí, agus dá bhrí sin, is féidir leis glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.